# **Nuashonrú ar Uasteorainn agus Rátaí na Scéime BCL**

- Tá cinneadh déanta ag an Rialtas na rátaí deontais agus an t-uasráta deontais (uasteorainn na Scéime) atá ar fáil faoin Scéim Bloic Coincréite Lochtacha (BCL) a mhéadú. Tiocfaidh sé sin i bhfeidhm go han-luath tar éis Ordú Rialtais cuí a dhéanamh agus rúin a leagan síos i dhá Theach an Oireachtais.
- De bharr na n-athruithe ardófar Uasteorainn na Scéime 10% go €462,000 ón €420,000 reatha. Beidh méadú comhchosúil 10% i bhfeidhm ar gach deontas coimhdeach agus mar shampla méadóidh an deontas cóiríochta de €1,500 go €16,500. Ardófar rátaí deontais atá iníoctha in aghaidh an mhéadair chearnaigh thart ar 7-9% ag brath ar an rogha leasúcháin agus ar an suíomh cónaithe.
- Rinneadh an cinneadh tar éis comhairle a fháil ó Ghrúpa Saineolaithe, chun a chinntiú gur féidir le húinéirí tí freastal níos fearr ar chostais a n-oibreacha feabhsúcháin i bhfianaise an mhéadaithe ar chostais tógála ó socraíodh na rátaí ar dtús.

Uasteorainn Scéime agus Deontais Choimhdeacha

- Beidh feidhm ag na méaduithe 10%, faoi théarmaí an Achta BCL 2022, láithreach ar thabhairt chun críche an Ordaithe Rialtais maidir le húinéirí ábhartha incháilithe nach bhfuil cinneadh faighte fós acu maidir le rogha leasúcháin agus méid an deontais. Teastaíonn reachtaíocht leasaithe chun na méaduithe sin a leathnú chuig grúpa níos leithne úinéirí ábhartha.

Rátaí na Scéime

- Teastaíonn leasuithe ar Rialacháin na Scéime chun na rátaí deontais atá iníoctha faoin Scéim a mhéadú. Tá an obair sin ar siúl agus tabharfar chun críche í go luath.

- Tá sé i gceist ag an Aire moladh a thabhairt don Rialtas go luath amach anseo lena chinntiú go mbeidh feidhm chúlghabhálach ag na méaduithe ar an Uasteorainn agus ar na rátaí araon. Beart idirthréimhseach aonuaire a bheidh ansin agus creideann an tAire gur cur chuige cothromasach é atá ag teacht le hintinn an Oireachtais nuair a rith an tOireachtas an tAcht in 2022.
- Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na hÚdaráis Áitiúla ainmnithe ábhartha (An Clár, Dún na nGall, Luimneach agus Maigh Eo), a riarann an Scéim BCL ar an gcéad dul síos chun eolas níos mionsonraithe a fháil faoin Scéim agus conas a oibreoidh na hathruithe sin.

Ceangailte:

Aguisín Méadú ar Rátaí Deontais do Réigiúin Thuaidh agus an Mheán-Iarthair.